

Ag Dul ar Scoil san India

An samhradh seo caite chaith mé seal deich seachtainí ag múineadh gasúir bhunscoile i gceantar bocht i Delhi, bpríomhchathair na hIndia. Ar dhul isteach sa seomra ranga don chéad uair dom thuig mé na difríochtaí a bhí idir cúinsí scoile sa tír sin agus cúinsí scoile sa mbaile.

Bhí thart timpeall ar thríocha dalta, ó thrí bliana d'aois do dtí ceithre bliana déag d'aois, suite ar an urlár i seomra beag bídeach, clár dubh beag agus cailc nó cóipleabhar ina lámh acu. Ní raibh cathaoireacha nó boird ann. Bhí an teas marbhánta.

Ba ghasúir suáilceacha, cairdiúla a bhí sa rang. Bheannaigh siad gach maidin dom, ag rith i mo threo, ag croitheadh láimh liom agus ag rá "Namaste De Di Di" (ciallaíonn "Namaste De" Dia dhuit agus ciallaíonn "Di Di" deirfiúr). Fiú amháin mura raibh an teanga chéanna againn bhí muid in ann spraoi le chéile, amhráin a chasadh i Hindi agus i mBéarla agus damhsa agus ealaín a dhéanamh. Ó thaobh na ndúshlán a

bhí ann, mharaigh an teas mé – bhí sé thart ar 40 céim Celsius agus bhíodh gread mór cuileog ag glacadh páirt sa rang chomh maith!

I scoil neamhfhoirmiúil a bhí mise ag obair a bhfuil sé d'aidhm aici gasúir a mhealladh ó bheith ag obair nó ó bheith ar an tsráid agus iad a threoradh i dtreo na scoile. Cé go bhfuil sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil de réir bhunreacht

na hIndia, ní fhreastalaíonn ach 60% de ghasúir na tíre sin ar scoil.

Tá go leor cúinsí sóisialta a choinníonn páistí ón gcóras oideachais. Ar an gcéad dul síos tá ceist an bhochtanais ann. Níl ach \$2 in aghaidh an lae ag 80% den tír le caitheamh ar riachtanais



I mbun ranga san India

mhaireachtála. Is fíor nach gcosnaíonn scoileanna an stáit mórán, ach mar sin fhéin bíonn na gasúir ag teastáil sa mbaile chun tacaíocht a thabhairt don chlann. Fadhb eile atá ann go bhfuil páipéarachas ag teastáil ó dhaoine, mar shampla teastas breithe nó fianaise go bhfuil lóistín buan acu, rud nach mbíonn ar fáil go minic.

Cuireann rian deighilteach an

chórais 'Caste' leis an bhfadhb chomh maith. Is seantraidisiúin é an chóras seo a eascraíonn ón reiligiún Hindúch a deir go bhfuil daoine áirithe ceaptha ag Dia le bheith ina sagairt, daoine eile ceaptha le bheith ina saighdiúirí, daoine eile ceaptha le bheith ina siopadóirí, daoine eile ceaptha le bheith ina bhfeirmeoirí agus daoine eile, na Harijan, nár cóir drannadh leo ar chor ar bith. Cé go bhfuil sé mídhleathach anois leatrom a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar an ngrúpa sóisialta lena mbaineann sé nó sí, tarlaíonn leatrom go forleathan ar bhealach neamhoifigiúil. Má tá gasúr istigh i rang ó 'Caste' níos ísle ná a chomrádaithe, mar

shampla, suífidh sé nó sí go hiondúil ag deireadh an ranga agus déanfaidh na gasúir eile agus, uaireannta, an múinteoir fiú bulaíocht air.

Fadhb eile atá ann ná go bhfuil i bhfad níos mó buachaillí ná cailíní ag dul ar scoil. Déantar leatrom ar chailíní san India mar go gceaptar gur míbhuntáiste eacnamúil iad toisc go bhfágann siad a muintir an



Cúlshráid mheirbh mharbhánta san India

lá a bpósann siad agus bíonn ar a muintir spré a íoc astu. Tarlaíonn sé in áiteanna go maraítear cailíní tar éis a mbreithe.

Bhí sé deacair na fíricí seo a chreidiúint agus mé ag obair le pobal Sangham Vihar i Delhi. Chuir an pobal an-fháilte romham.

Thug gasúir cuireadh abhaile dom le buaileadh lena dtuismitheoirí. Ní bhíodh aon Bhéarla acusan agus ba bheag an Hindi a bhí agamsa, ach mar sin fhéin réitigh muid le chéile go hiontach agus muid ag úsáid geáitsíochta, amhrán agus damhsa.

Ar fhilleadh go hÉirinn dom b'iontach liom an difríocht a d'fhéadfadh a bheith idir dhá thír nach raibh eatarthu ach deich n-uair a chloig ar eitleán. Deirtear i ndiaidh seal a chaitheamh i dtír atá i mbéal forbartha go mbíonn duine cáinteach faoina tír féin. Cinnte, táim cáinteach faoi ábharachas agus méféineachas na tíre seo, ach fós bhí mé faoi dhraíocht ag áilleacht, samhlaíocht agus spioradáltacht na hIndia. Ach ar an taobh eile den scéal tá sé iontach siúl isteach i scoil agus páistí a fheiceáil i mbun a gcuid oibre. Ní mór a chuimhniú, áfach, nach

amhlaidh a bhí sa tír seo caoga bliain ó shin.

Is le NGO darbh ainm *Suas* a chuaigh Nóra go dtí an India. Tá na sonraí ar fad faoin NGO seo le fáil ar an idirlíon ag www.suas.ie

Nóirín Nic an Ultaigh

***Gach Cineál Clódóireachta
idir leabhair agus obair lándaite***

Is cuma muna bhfuil uait ach 10 gcóip lándaite is féidir linn é a dhéanamh ar *Digital Press* nó má tá na mílte cóipeanna uait tá inneall nua 4 dhath againn.

Glaigh orainn i gcóir meastachán

CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-593251/593157. Fax: 593159.

Clólann na Gaeltachta agus na Gaeilge